## Na hÁionna



Fear ildánach a bhfuil breis agus daichead leabhar i gcló leis ar bhéaloideas agus miotaseolaíocht na tíre seo isea **an tOllamh Dáithí Ó hÓgáin.** Saothair mhóra thábhachtacha foilsithe leis aige ar amhránaíocht na nDéise, *Binneas Thar Meon* agus *Duanaire Thiobraid Árann* ina measc. Is mór an onóir dhúinn é ’bheith linn don Tionól.



Amhránaí, ceoltóir, múinteoir agus láithreoir teilifíse isea **Muireann Nic Amhlaoibh.** Thógadh i nDún Chaoin i Corca Dhuibhne í, áit a raibh ceol i gcónaí mórthimpeall uirthi. Tá sí mar bhall den ghrúpa ceoil *Danú* ó 2003 agus tá an domhan mór siúlta aici leo.







I measc na n-amhránaithe a bheidh le clos le linn an Tionóil beidh na deartháireacha **Dainí agus Eoiní Maidhcí Ó Súilleabháin**, as Cúil Aodha i nGaeltacht Mhuscraí. Ba mhinic ar cuairt sa dúiche seo iad i gcaitheamh na mblianta agus fearaimid na tuartha fáilte thar nais rompu. Beidh **Jimí Ó Ceannabháin** as Ros Muc ina bhfochair. Duine eile de mhóramhránaithe sean-nóis na tíre, rug Jimí leis Corn na bhFear ón Oireachtas araibh anuraidh, rud a dhein Eoiní an bhliain roimhe sin.

Údarás na Gaeltachta

ealaín NA GAELTACHTA

**Pictiúr tosaigh:** Carn Cúirte Bhaile na Móna nó ‘Tigh’n Caillí Béaraí’, An Sean-Phobal.

## Na hÁionna



Rugadh ⁊ thógadh **an tSr. Sarto** i mBaile an Róid sa Sean-Phobal. Ghlac sí an t-ord rialta le Siúracha an Chroí Ró-Naomhtha sa bhliain 1951. Tar éis a saoil a chaiteamh mar mhúinteoir bunscoile, bhain sí céim amach mar oibrí sóisialta agus sna ’80í, bhronnadh an téideal ‘*Cork Person of the Year*’ uirthi as a raibh déanta aici chun leasa mhuintir Chorcaí. Is mó againn a cuideachta don Tionól i mbliana.



Ceoltóir ana-chumasach as Co. Chill Chainnigh isea **Anthony McAuley.** Tá cáil nach beag air féin agus ar a dheartháir Mick as feabhas a gcuid ceoil. Cé gur minic a thriall ar na Déise, áit a mbíonn an-éileamh i gcónaí air, seo an chéad uair d’Anthony cuairt a thabhairt ar an Sean-Phobal. Beidh ana-dheireadh seachtaine ceoil againn leis.



Ó Bheanntraí, Iarthar Chorcaí, é **Eoin Warner**. Chuir sé suim sa chócaireacht ag aois an-óg: *rice krispy buns* a mheall an chéad lá riamh é! Chaith sé seal in Albain agus san Eilbhéis ag traenáil mar chócaire. Tá sé ina stiúrthóir ar an gcomhlacht bídh *The Butler's Pantry* i mBaile Átha Cliath. Tá ana-shuim aige san amhránaíocht ar an sean-nós agus go háirithe in amhránaíocht Mhuscraí. Tá duaiseanna bainte ag Eoin, leis, ón Oireachtas as a chuid amhránaíochta.




1: SN Baile Mhic Airt
2: Halla Cholmáin
3: Séipéal Breith na Maighdine Muire
4: Lios na Sióg
5: Tábhairne an Bhreathnaigh / *John Paul’s*
6: Páirc Cholmáin, CLG an tSean-Phobail
7: Oifigí Údarás na Gaeltachta
8: Tigh an tSagairt

coiste forbartha an tsean-phobail ⁊ comhairle contae phort láirge

# Tionól an Fhómhair 2009

## *An Sean-Phobal—Saíocht ⁊ Ársaíocht*

An Sean-Phobal, Co Phort Láirge

25-27 Meán Fómhair / September 2009



Breis eolais ach glaoch ar / For further information please contact:

Ciarán Ó Gealbháin: (058) 46820 nó
Úna de Paor (087) 2321253

# Clár an Tionóil

## Dé hAoine, 25 Meán Fómhair

| | |
|---|---|
| 7.30 i.n. | **Aifreann** i Séipéal Breith na Maighdine Muire, An Sean-Phobal. |
| 8.15 i.n. | **Oscailt oifigiúil an Tionóil** le Máire Seó Breathnach. **Eochairléacht an Tionóil** 'An Chailleach Bhéarra agus an Seanchas' leis an Ollamh Dáithí Ó hÓgáin in Halla Cholmáin, An Sean-Phobal. |
| 10.00 i.n. | **Seisiún amhránaíochta** in *John Paul's.* le Club amhránaíochta na *Conneries;* Eoiní ⁊ Dainí Maidhcí Ó Súilleabháin, Cúil Aodha; Jimí Ó Ceannabháin, Conamara agus amhránaithe áitiúla. |

## Dé Sathairn, 26 Meán Fómhair

| | |
|---|---|
| 10.00 – 11.15 r.n. | **Cócaireacht** (do dhaoine óga) leis an gcócaire Eoin Warner i Lios na Sióg. |
| 11.15 – 11.45 r.n. | Briseadh |
| 11.45 – 1.00 i.n. | **Cócaireacht** (do dhaoine fásta) le Eoin Warner i Lios na Sióg.<br>**Ceardlann amhránaíochta** le Muireann Nic Amhlaoibh i SN Baile Mhic Airt. |

## Dé Sathairn, 26 Meán Fómhair

| | |
|---|---|
| 1 – 2 i.n. | Briseadh Lóin |
| 2.00 – 3.30 i.n. | **Seisiún ceoil** d'fhoghlaimeoirí óga le Anthony McAuley i SN Baile Mhic Airt. |
| 3.45 – 5.00 i.n. | **Cleachtaí peile** do dhaoine óga le Liam Ó Lionáin, (Port Láirge) ⁊ Deirdre Breathnach (Port Láirge). Á reachtáil i gcomhar le CLG an tSean Phobail, Páirc Cholmáin.<br>Seoladh **Taispeántas Ealaíona** i dTigh an tSagairt leis an Athair Ó Ceallaigh S.P. agus Eibhlín de Paor, Ealaíon na Gaeltachta. |
| 7.30 i.n. | **Ceolchoirm an Tionóil** in Halla Cholmáin. Aíonna Speisialta: Muireann Nic Amhlaoibh; Jimí Ó Ceannabháin; Eoin Warner; Anthony McAuley; Ann Mulqueen; Dónal Clancy; Donnchadh Gough.<br>**Cead isteach: €5** |
| 10.15 i.n. | **Ceol traidisiúnta** in *John Paul's* le Muireann Nic Amhlaoibh, Dónal Clancy ⁊ Anthony McAuley. |

## Dé Domhnaigh , 27 Meán Fómhair

| | |
|---|---|
| 11.30 r.n. | **Aifreann an Tionóil** i Séipéal Breith na Maighdine Muire á chraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta. |
| 12.15 i.n. | Teacht le chéile in Halla Cholmáin. Aoí-chainteoir: An tSr. Sarto. |
| 2.00 i.n. | CLG an tSean Phobail: Comórtas peile an **Terry Cup,** á imirt i bPáirc Cholmáin. |
| 4.00 i.n. | **Cainteanna:** 'Siopa an Tionóil* agus a bhfuil ar díol ann' le Máire de Paor maille le 'Cuimhní cinn ar Mhaidhc Dháith' le Déuglán Curraoin, i dTigh an tSagairt. |
| 8.00 i.n. | **Dráma:** 'Umar na hAimléise' leis an Athair Victor de Paor, arna léiriú ag Aisteoirí an tSean-Phobail in Halla Cholmáin.<br>**Cead isteach: €5** |

* Beidh Siopa an Tionóil ar oscailt i dTigh an tSagairt áit a mbeidh earraí Gaelacha, tae agus caifé ar díol. Uaireanta oscailte:

Dé Sathairn 10 r.n. -12 i.n ⁊ 2 i.n. - 5 i.n

Dé Domhnaigh 2 i.n - 6 i.n.

